TRÍ BLIANA D'AOIS – Noelie Mc Donnell

Síolta lus na gréine a bheidh mar bhláth deas óir
Trí bliana d'aois, ag éirí mór
Táim in ann mé féin a ghléasadh má luím ar an urlár
Trí bliana d'aois, ag éirí mór.

Le m'uaireadóir is mo ghuthán nua draíochtúil
Liom féin amháin a dhéanaim mún
Is cuma cad a fhaighim, bíonn tuilleadh i gcónaí uaim
Trí bliana d'aois, ag éirí mór.

Táim in ann comhaireamh go 26 sula n-éirím bréan de
Trí bliana d'aois, ag éirí mór
Is maith liom bheith ag caitheamh cloch is ag briseadh cipíní is anraith Mhamó, ar ndóigh
Trí bliana d'aois, ag éirí mór

Is mise Batman agus Spiderman ag eitilt is ag léim
Bhí an aibítir ar eolas a'am sular thóg mé mo chéad céim
Nuair a fhillfidh mo Mhamaí ón obair inniu beidh mé ag fanacht ag an doras.

Trí bliana d'aois, ag éirí mór
Trí bliana d'aois, ag éirí mór
Trí bliana d'aois, ag éirí mór

Scríofa ag - Noelie Mc Donnell
Aitriúchán - Fiach Ó Muircheartaigh
Glór agus Giotár - Noelie Mc Donnell
Taifead - Stiúideo Dearg
Innealtóireacht - Marc Aubele